# An Teist

Séideán Sí



Paula Ní Chionnaith

Steve Simpson a mhaisigh

# An Teist





Paula Ní Chionnaith

Steve Simpson a mhaisigh



An Gúm

Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2008

© An Roinn Oideachais agus Scileanna / Foras na Gaeilge, 2008
Athchló 2010, 2019

Paula Ní Chionnaith a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne © Steve Simpson

Essentra Packaging Ireland Teo a chlóbhuail in Éirinn

ISBN 978-1-85791-728-4

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Scileanna atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

*Foilseacháin an Ghúim a cheannach*

Siopaí
*An Siopa Leabhar (01) 478 3814*
*An Siopa Gaeilge (074) 973 0500*
*An Ceathrú Póilí (028) 90 322 811*

Ar líne
*www.litriocht.com*
*www.siopagaeilge.ie*
*www.siopaleabhar.com*
*www.siopa.ie*
*www.cic.ie*
*www.iesltd.ie*

**An Gúm, Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1**

# Clár


| | |
|---|---|
| Caibidil 1 | 5 |
| Caibidil 2 | 8 |
| Caibidil 3 | 11 |
| Caibidil 4 | 14 |
| Caibidil 5 | 16 |
| Caibidil 6 | 19 |
| Caibidil 7 | 22 |
| Caibidil 8 | 24 |
| Caibidil 9 | 27 |
| Caibidil 10 | 30 |

# Caibidil 1

Dhúisigh mé de gheit. Bhí mothú aisteach i mo bholg. Ar feadh trí shoicind ní raibh a fhios agam cén fáth. Ansin chuimhnigh mé air. Inniu an Aoine. Agus gach Aoine bíonn teist litrithe againn.


'Ó bhó,' a dúirt mé liom féin. Agus bhí cúis agam lena rá. Tá mé go maith chuig go leor rudaí ar scoil ach níl mé in ann litriú.

Ceapaim gur i Rang a Dó a bhí mé nuair a fuair mé amach ar dtús nach raibh mé in ann litriú.

Níl a fhios agam cén fáth nach raibh a fhios agam é roimhe sin. B'fhéidir go raibh mé go maith chuige uair amháin ach ansin, go tobann, go ndeachaigh mé in olcas. Nó b'fhéidir nach raibh mé in ann litriú riamh ach nár tugadh faoi deara é. Mar a dúirt mé, níl a fhios agam.

Ach faoin am seo tá mé cinnte de rud amháin. Tá mé deich mbliana d'aois, mé i Rang a Ceathair agus níl tuairim na ngrást agam cén chaoi le litriú.





# Caibidil 2

Fiche focal a bhíonn le foghlaim againn gach seachtain. Ar an Luan a thugann an Mháistreás na focail dúinn. An tseachtain seo, ar nós gach uile sheachtain, rinne mé an-iarracht go deo iad a fhoghlaim.

Oíche Dé Luain, d'fhoghlaim mé trí cinn acu.

Oíche Dé Máirt, d'fhoghlaim mé trí cinn eile.

Oíche Dé Céadaoin, thuig mé go maith nach raibh seans ar bith ann go mbeadh fiche focal foghlamtha agam roimh theist litrithe na hAoine.

Agus anuas air sin, de bharr na dtrí fhocal a d'fhoghlaim mé oíche Dé Luain a bheith dearmadta agam cheana féin, b'éigean dom iad a fhoghlaim arís.

Obair in aisce a bhí ann. Aon fhocal a bhí foghlamtha agam oíche ar bith, bhí sé imithe glan amach as mo cheann an oíche dár gcionn. Rinne mé mo sheacht míle dícheall. Bhreathnaigh mé go grinn ar gach focal, litrigh mé amach os ard iad, scríobh mé síos deich n-uaire iad. Ach, mar a dúirt mé, obair in aisce a bhí ann. Bhí ag teip orm iad a fhoghlaim. Ní gá a rá go raibh mé an-trína chéile.

Chonacthas domsa nach raibh ann ach an t-aon bhealach amháin le focal a litriú. An focal 'ainmhí' mar shampla.

Ann, ainm cailín,
a leis féin
agus ansin bhí;
Annabhí.

Ach, de réir cosúlachta, tá dul amú orm. Dar le gach duine eile, ní bealach ar bith é sin le focal a litriú.

Maidin Dé hAoine! A thiarcais! Agus gan ach sé fhocal foghlamtha agam as an scór focal a tugadh dúinn. Maróidh an Mháistreás mé!

# Caibidil 3

Nuair a shiúil mé isteach i gclós na scoile, cé a bheadh ann romham ach mo chara Sadhbh.

'A Nuala,' a dúirt sí. 'Fan go bhfeice tú an iris nua atá agam faoi chapaill. Taispeánfaidh mé duit í sula mbuailfear an clog.'

Stop sí ansin agus bhreathnaigh sí orm.

'Céard atá ort?' a dúirt sí. 'Ó ná habair liom go bhfuil imní ort mar gheall ar theist bheag litrithe!'

Sin í Sadhbh agat. Bíonn a fhios aici ar an bpointe boise má bhíonn rud éigin ag cur as dom.

Uaireanta ceapaim go bhfuil sí níos fearr ná mo thuismitheoirí fiú. Le tamall anuas is fearr a thuigeann Sadhbh mé ná iadsan.

Tá mise agus Sadhbh mór le chéile ó bhíomar sna Naíonáin Mhóra. Is maith is cuimhin liom an chéad uair a chuireamar aithne cheart ar a chéile. Sciob Brian Ó Tuathail an crián gorm uaim agus mé ag dathú pictiúir de mhaighdean mhara. Bhain Sadhbh scealpóg aisteach as a chuir ag caoineadh é.



Ní mó ná sásta a bhí an Mháistreás léi. Ach, tá mé féin agus Sadhbh an-mhór le chéile riamh ó shin.

Tá Sadhbh an-chliste go deo. Níl caill ar bith orm féin ag an matamaitic ach tá Sadhbh thar barr ar fad. Tá sí an-mhaith ag léamh agus ag scríobh freisin. Agus thar aon ní eile, tá sí go hiontach ag an litriú. Bhí a hainm i Leabhar na Réaltaí cúpla uair cheana féin mar gheall ar na marcanna arda a bhain sí amach.

'Tá imní orm,' a dúirt mé léi an lá seo. 'An-imní go deo. Níl ach sé fhocal as fiche foghlamtha agam agus is ar éigean atá an méid sin féin foghlamtha mar ba cheart agam.'

'Ní gá duit aon imní a bheith ort, a Nuala,' a dúirt sí. 'Coinnigh do shúil ormsa agus beidh tú ceart go leor.'

# Caibidil 4

'Maith go leor, a pháistí,' arsa an Mháistreás. 'Tá sé in am don teist litrithe. Tógaigí amach bhur gcóipleabhair agus tosóimid.'

Bhí uafás orm! Bhí sé seo níos measa ná mar a bhí mé ag súil leis. De ghnáth, thugadh sí seans dúinn breathnú ar na focail roimh ré ar feadh dhá nóiméad. D'ardaigh mé mo lámh go faiteach. D'fhiafraigh mé di an bhféadfaimis dhá nóiméad a bheith againn le breathnú ar na focail arís.

Ní mó ná sásta a bhí an Mháistreás liom. 'Bhí ceithre lá agaibh, a Nuala de Búrca,' a dúirt sí liom.

'Níl ár ndóthain ama againn le bheith ag dul siar ar obair a bhí ceaptha a bheith déanta sa bhaile. An bhfuil sibh réidh? Seo é an chéad fhocal. Litrígí 'ainmhí'.



# Caibidil 5

Faoin am a raibh an tríú focal glaoite ag an Máistreás, bhí fonn caointe orm. Ní raibh oiread agus focal amháin scríofa agamsa i mo chóipleabhar ach bhí an dream eile ar fad ag scríobh le buille.

Faoin am a raibh seacht bhfocal léite amach ag an Máistreás ní raibh ach trí cinn scríofa agamsa.

Ansin, go tobann, thug duine éigin sonc sa chos dom. Soicind ina dhiaidh sin tugadh sonc eile sa chos dom, agus ceann eile ach níos láidre an uair seo. Bhí mo rúitín ag éirí tinn.

Chuimil mé mo rúitín agus bhreathnaigh mé i mo thimpeall. Is ansin a thug mé faoi deara go raibh Sadhbh ag breathnú orm agus meangadh mór millteach uirthi.



Agus í ag faire ar an Máistreás, sháigh Sadhbh píosa beag páipéir anall chugam, go mall cúramach. Céard a bhí ar an bpáipéar ach … na focail ar fad a bhí glaoite amach ag an Máistreás go dtí seo! Agus ar ndóigh, d'fhéadfá a bheith cinnte de go mbeadh gach aon cheann acu litrithe i gceart. Ach cad chuige nach mbeadh nuair ab í Sadhbh féin a scríobh iad!

Tá a fhios agam go raibh an rud a rinne mé ina dhiaidh sin mícheart. Go deimhin féin, nílim bródúil as a ndearna mé. Ach faoin am a raibh an teist thart, bhí dhá cheann déag de na focail scríofa amach agam i mo chóipleabhar féin agus mé beagnach cinnte de go raibh siad litrithe i gceart.

# Caibidil 6

Ag am spraoi, b'fhada liom go bhfaighinn deis labhairt le Sadhbh.

'Cén fáth a ndearna tú é sin?' a dúirt mé léi chomh luath is a fuair mé léi féin í. 'Cén fáth ar thug tú na focail úd dom?'

'Muise, cén sórt cantail atá ort?' a dúirt Sadhbh. 'Cheapfá go mbeifeá buíoch díom. Nár gheall mé ar maidin duit nach raibh aon ghá le himní a bheith ort? Tá díomá orm nach bhfuil tú buíoch díom.'

'Ní hé nach bhfuil mé buíoch díot, ach is ag cóipeáil a bhí mé!' a dúirt mise. 'Tá sé sin mímhacánta, a Shadhbh! Is maith atá a fhios agat é!'

Rinneadh staic de Shadhbh.

'Ach, ach ... is tusa mo chara,' a dúirt sí agus crith ina glór. 'Bhí tú i bponc. Agus tagann cairde i gcabhair ar a chéile má bhíonn duine acu i bponc, nach dtagann?'



Go tobann bhraith mé go rabhamar sna Naíonáin Mhóra arís nuair a dúirt Sadhbh na focail sin den chéad uair. Chuimhnigh mé ar Bhriain Ó Tuathail agus an crián gorm. Agus chomh dílis is a bhí Sadhbh dom an t-am sin. Bhí sí sásta cuidiú i gcónaí, beag beann ar aon trioblóid a tharraingeodh sí uirthi féin.

Ansin, rinne mé suas m'intinn. Is í Sadhbh an cara is fearr atá agam. Chuir mé mo lámh timpeall uirthi. 'Tá an ceart agat, a Shadhbh. Tagann cairde i gcabhair ar a chéile,' a dúirt mé léi. Bhí dhá chroí ag Sadhbh.

# Caibidil 7

Faoin am ar shroich mé an baile tráthnóna, bhí eachtraí an lae dearmadta agam.

'Cén chaoi a raibh an teist litrithe inniu?' a dúirt Mam, tar éis an tae.

Bhain a ceist geit asam.

'Ó bhí sí, um, bhí sí maith go leor,' a dúirt mé féin. Agus tháinig sé ar fad ar ais chugam.

'Maith go leor a deir tú?' arsa Deaide. 'De ghnáth deir tú go mbíonn sí uafásach.'

'Bhuel ...' a dúirt mé, agus mo cheann fúm. Ní raibh a fhios agam céard a déarfainn leis. 'Bhuel, ní raibh sí chomh dona sin inniu,' a dúirt mé.



Bhí an-fhonn go deo orm an scéal a insint do mo thuismitheoirí. An fhírinne a rá amach go lom díreach. Ach, bhí sé róchasta mar scéal. Agus bhí gach seans ann nach dtuigfidís mo chás ar chor ar bith. Shocraigh mé go bhfanfainn i mo thost.

# Caibidil 8

Le linn an deireadh seachtaine rinne mé gach iarracht an scoil agus gach ar bhain léi a chur as mo cheann.

Ach, go tobann, bhí maidin Dé Luain buailte linn arís. Ní raibh aon fhonn beo orm dul ar ais ar scoil. Inniu a bheadh an Mháistreás ag tabhairt amach torthaí na teiste …

Bhí Sadhbh romham ag geata na scoile agus chonaic sí ag teacht mé.

Bhí an chuma uirthi go raibh sí sona sásta. Agus cén fáth nach mbeadh? Ní raibh aon rud ar nós torthaí teiste ag cur as dise.

Nuair a chuaigh mé isteach sa seomra ranga chonaic mé go raibh mo chóipleabhar leagtha ar mo dheasc. Rug mé air. Bhreathnaigh mé ar an gclúdach ar feadh soicind. D'oscail mé go faiteach é. Nuair a chonaic mé an marc a bhí scríofa ag an Máistreás ba bheag nár thit mé as mo sheasamh!

Cúig déag as fiche!

An marc ab fhearr dá bhfuair mé riamh!

Ar dtús bhí iontas orm. Ansin bhí ríméad orm.

Chonaic mé Sadhbh ag breathnú orm agus meangadh mór uirthi féin freisin.

'Anois, a Nuala,' a dúirt sí. 'Dúirt mé leat Dé hAoine nár ghá duit aon imní a bheith ort!'



# Caibidil 9

An chuid eile den lá sin, bhí rudaí aisteacha ag tarlú istigh i mo cheann.

Ag 10 a chlog – bhí mé sásta liom féin mar go bhfuair mé marc iontach sa teist.

Ag 10.30 – bhraith mé ciontach. Fuair mé marc iontach mar go raibh mé ag cóipeáil.

Ag 10.45 – bhí mé sásta go raibh cara ar nós Sadhbh agam. Cara a bhí sásta rud ar bith a dhéanamh ar mo shon.

Ag 11 a chlog – bhraith mé an-chiontach. Bhí a fhios agam go raibh rud mímhacánta déanta agam. Shocraigh mé ag an bpointe sin go n-inseoinn an scéal ar fad don Mháistreás.



ACH ag 11.30 – rith sé liom go mbeadh Sadhbh i dtrioblóid chomh maith dá n-inseoinn an scéal don Mháistreás.

Shocraigh mé nach ndéarfainn dada.

Ag 12.00 a chlog – bhí mé i sáinn cheart. Ní raibh a fhios agam céard ba cheart dom a dhéanamh. Bhí a fhios agam go mbeadh an Mháistreás ag súil le marc ard uaim sa teist litrithe uaidh seo amach. Shocraigh mé go n-inseoinn an scéal ar fad di.


Ag 12.30 – bhí mé ag déanamh, dá ndéanfainn an-iarracht go deo, go bhféadfainn feabhas a chur ar mo chuid litrithe. B'fhéidir go mbeinn in ann marc sách maith a bhaint amach an tseachtain dár gcionn. Shocraigh mé nach ndéarfainn dada.

Bhí mé an-trína chéile. Ní raibh tuairim na ngrást agam céard ba cheart dom a dhéanamh?

# Caibidil 10

Ag 12.30 a bhíonn an lón againne. Bhí mé fós idir dhá chomhairle nuair a dúirt an Mháistreás go raibh sí ag iarraidh labhairt liom.

D'imigh gach duine eile amach as an seomra agus ní raibh fanta ach mé féin agus í féin.



'Tá tú ag obair go dícheallach na laethanta seo, a Nuala,' a dúirt an Mháistreás liom. 'Agus feicim gur éirigh go maith leat sa teist litrithe an tseachtain seo. Táim an-sásta leat. Tá mé le d'ainm a chur isteach i Leabhar na Réaltaí anois láithreach!'

Sa rang seo againne, tá an leabhar mór seo ann, 'Leabhar na Réaltaí.' Bíonn sé leagtha ar an deasc ag an Máistreás. Má bhíonn páiste thar barr sa rang – agus thar barr ar fad atá i gceist agam – scríobhtar a ainm isteach i Leabhar na Réaltaí. Ansin ag deireadh an téarma faigheann aon duine a bhfuil a ainm sa Leabhar duais ón Máistreás.

'Ná cuir, a Mháistreás!' a dúirt mé go tobann. 'Ná cuir m'ainm i Leabhar na Réaltaí!'

'Céard atá tú a rá, a Nuala?' arsa an Mháistreás. 'An bhfuil tú ag rá liom gan d'ainm a chur isteach sa Leabhar? Ach cén fáth nach gcuirfinn agus tú ag obair go dícheallach?'

'Ach nílim ag obair go dícheallach!' arsa mise. 'Níl aon réalta tuillte agam!'

Bhreathnaigh an Mháistreás orm ar nós dá mbeinn as mo mheabhair.

Go tobann agus gan aon spreagadh ón Máistreás, thosaigh mé ag caint. Agus d'inis mé an scéal di ó thús deireadh.

An chaoi nach raibh aon mhaith liom ag litriú.

An chaoi go raibh Sadhbh agus mé féin chomh mór le chéile.

Agus fiú amháin, d'inis mé an scéal faoi Bhriain Ó Tuathail agus an crián gorm sna Naíonáin Mhóra.

Mhínigh mé don Mháistreás go raibh faitíos orm go dtarraingeoinn trioblóid ar Shadhbh dá n-inseoinn an fhírinne.

Nuair a bhí deireadh ráite agam, tharraing mé m'anáil agus d'fhan mé le freagra. Nuair a tháinig an freagra, rinneadh staic díom.

Dúirt sí liom go raibh díomá uirthi liom. Ach mar sin féin gur thuig sí mo chás.

Mhínigh sí dom go mbeadh athrú ag teacht go gearr ar churaclam na scoile agus go mbeadh bealaí níos fearr ann le litriú a mhúineadh agus a fhoghlaim. Go raibh gach seans ann go gcuirfí deireadh ar fad le teisteanna litrithe.


'Agus ní chuirfidh mé aon phionós ort,' a dúirt an Mháistreás. 'Caithfidh tú a ghealladh dom go n-inseoidh tú an scéal ar fad do do thuismitheoirí.'

Ó, muise. Díreach nuair a cheap mé go raibh an báire liom! Bhí sé sin níos measa ná aon phionós a d'fhéadfadh an Mháistreás a chur orm! Bheadh an-díomá go deo ar mo thuismitheoirí!

Ach dúirt an Mháistreás rud amháin eile liom. Dúirt sí gur rud mímhacánta a bhí déanta ag Sadhbh, ach go raibh an t-ádh dearg liomsa a leithéid de chara a bheith agam.

Chuir sí m'ainm i 'Leabhar na Réaltaí' freisin. 'Rinne mé é sin,' a dúirt sí liom, 'mar go raibh sé de mhisneach agat an fhírinne a insint dom agus gan an milleán a chur ar aon duine eile.'

Agus sin é é! Tá gach rud thar barr ar scoil anois! Thar barr ar fad!



Bhí a fhios ag Nuala nár cheart di a bheith ag cóipeáil, ach ...
Tá an scéal seo suite i mbunscoil sna 1970í.

ISBN 978-1-85791-728-4
9 781857 917284

An Gúm